C/2026/4641

31.8.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12372 — HENKEL / STAHL PARENT)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4641)

1. An 18 Lúnasa 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Henkel AG & Co. KG ('Henkel', an Ghearmáin),

— Stahl Parent B.V. ('Stahl', an Ísiltír), atá faoi rialú Wendel Participations SE (an Fhrainc).

Gheobhaidh Henkel rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Stahl ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Henkel gníomhach ar fud an domhain i dtáirgeadh greamachán, séaltán agus bratuithe feidhmiúla do chustaiméirí tionsclaíocha, agus do thomhaltóirí agus do cheardaithe,

— Tá Sthal gníomhach ar fud an domhain i dtáirgeadh bratuithe tionsclaíocha le haghaidh ábhair sholúbtha, lena n-áirítear bratuithe bailchríche leathair, bratuithe pacáistíochta, agus bratuithe feidhmíochta, ag freastal ar chustaiméirí go príomha i margaí soghluaisteachta (mótarfheithiclí agus olliompar, lena n-áirítear taobh istigh den eitlíocht), pacáistíochta, faisin agus stíle maireachtála, agus fearastaithe tí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12372 — HENKEL / STAHL PARENT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').